Ard-Stiúrthóireacht an Riaracháin
An Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Riarachán Pearsanra
An tAonad um Earcaíocht agus Gairmeacha
AC

# GLAO AR IARRATAIS
# Uimh. CJ AP REF-TRIB_PERM

Leis seo, eisíonn Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Ghinearálta") glao buan ar iarratais chun bunachar sonraí de roinnt iarratas a bhunú, a bhfhéadfaí a cheadú nuair is gá rúnaithe dlí a earcú mar fhoireann shealadach nó mar fhoireann chúnta ar conradh[1] do Chomhaltaí na Cúirte Ginearálta[2].

Agus iad ag obair i ndlúthchomhar leis na breithiúna thuasluaite agus faoina maoirseacht, beidh na rúnaithe dlí freagrach as doiciméid a ullmhú a bhaineann le láimhseáil bhreithiúnach cásanna ina gcomhlíonann siad a gcuid dualgas mar rapóirtéir nó mar mheasúnóir.

Chun na dualgais a chomhlíonadh, tá gá leis an méid seo a leanas go háirithe:

- oiliúint iomlán dlí agus céim ollscoile sa dlí bainte amach ag deireadh na hoiliúna sin;
- sáreolas ar dhlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe i gceann amháin nó níos mó de na hábhair a thagann faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta, chomh maith le heolas maith ar rialacha nós imeachta agus ar theicnící dlíthíochta;
- cumas maith chun anailís agus achoimre a dhéanamh ar shaincheisteanna casta dlí;
- cumas téacsanna dlí a dhréachtú i bhFraincis (is gá leibhéal B2.1 ar a laghad sa Fhraincis)[3] ;
- eolas sásúil ar uirlisí TF agus ar bhunachair sonraí dhlíthiúla;
- scileanna maithe cumarsáide le hidirghabhálaithe ó réimsí dlí éagsúla agus oscailteacht chultúrtha agus teanga.

Gan bheith riachtanach, beidh an méid seo a leanas ina bhuntáiste don phost atá i gceist:

- taithí oibre i bpost comhchosúil i gcúirt nó i ngnólacht dlí, i struchtúr rialtais, in institiúid nó i gcomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh;
- eolas maith ar theangacha oifigiúla eile den Aontas Eorpach.

Chun rúnaithe dlí a fhostú, teastaíonn leibhéal ard infhaighteachta, fíorchumas chun oibriú mar chuid d'fhoireann agus leibhéal ard freagrachta, déine, eagrúcháin agus discréide.

Má tá suim agat in earcaíocht fhéideartha laistigh den Chúirt Ghinearálta agus má mheasann tú go gcomhlíonann tú na riachtanais, is féidir leat iarratas a dhéanamh tríd EU CV online: https://curia.europa.eu/apply.

[1] Gabhann foireann chúnta ar conradh ionad rúnaithe dlí nach féidir leo a ndualgais a chomhlíonadh de dheasca breoiteachta nó saoire mháithreachais.
[2] D'fhéadfaí oifigeach a thabhairt ar iasacht ar mhaithe leis an tseirbhís. Dá ndéanfaí rúnaí dlí a ionadú ar shaoire bhreoiteachta nó mháithreachais, chuirfí oifigigh ar fáil don oifig lena mbaineann.
[3] Cuirtear córas oiliúna agus feabhsúcháin teanga ar fáil ag brath ar leibhéal Fraincise na n-iarrthóirí roghnaithe.

Trí iarratas a chur isteach mar fhreagra ar an nglao buan seo ar iarratais, níl aon ráthaíocht ag iarrthóirí go dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh nó go dtairgfear post dóibh leis an gCúirt Ginearálta.

I gcás ina mbeidh folúntas ann, beidh Comhaltaí na Cúirte Ginearálta in ann an bunachar sonraí a cheadú agus an t-iarrthóir a gcomhfhreagraíonn a phróifíl do na ceanglais don phost atá le líonadh a roghnú. Sa chás sin, rachaidh oifig phríobháideach an Chomhalta i dteagmháil go díreach leis an duine lena mbaineann trí ríomhphost nó ar an teileafón.

Leanann na sonraí de bheith gníomhach ar feadh sé mhí nó ar feadh tréimhse níos giorra má scriosann tú do CV ar líne roimh an sprioc-am. Tar éis na tréimhse sin, féadfaidh tú cinneadh a dhéanamh do shonraí a athghníomhachtú más mian leat go bhfanfaidh do phróifíl sa bhunachar sonraí. Nuair a bheidh tú neamhghníomhach, ní bheidh do phróifíl inchuardaithe a thuilleadh ná ní chuirfear san áireamh í i gcuardach gan ainm agus ní bheidh rochtain uirthi ach amháin agatsa chun í a athghníomhachtú. Tar éis 12 mhí neamhghníomhaíochta, bainfear na sonraí go hiomlán as an mbunachar sonraí.

Tá cuspóir an bhailithe, na socruithe próiseála agus an tréimhse a stóráiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí tríd an iarratas seo leagtha amach san fhógra atá i gceangal leis seo.

# FÓGRA FAISNÉISE FAOI CHOSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chosaint.

Is le Rialachán (AE) 2018/1725 (IO 2018 L 295, lch. 39) a rialaítear próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh.

Mínítear san fhógra seo an fáth agus an chaoi a n-úsáidfear do shonraí i gcomhthéacs na próiseála sin.

## Glaoch ar Iarratais – OIFIGÍ CHOMHALTAÍ NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### Cé hé/hí an rialaitheoir?

Is í an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Riarachán Pearsanra agus an Coimisiún Eorpach an rialaitheoir chun EU CV online a bhainistiú. Tá fógra faisnéise maidir le próiseáil sonraí in EU CV online ar fáil san iarratas seo freisin.

### Cén fáth a dteastaíonn do shonraí uainn?

Baineann an oibríocht phróiseála atá i gceist le roghnú foirne le haghaidh oifigí Chomhaltaí na Cúirte Ginearálta. Is gá measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht na n-iarrthóirí chun folúntas a líonadh le Comhaltaí na Cúirte Ginearálta, de bhun Airteagal 37 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 12 agus 82 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Bailímid na sonraí ar an CV, chomh maith le faisnéis bhreise a bhaineann go sonrach le gach glao ar iarratais. Baineann siad le d'fhéiniúlacht, do phost reatha agus do phoist roimhe seo, d'oideachas, do thaithí, d'eolas, do scileanna, do bhuanna agus do scileanna teanga.

### Conas a fuaireamar do chuid sonraí?

Is trí EU CV online a dhéantar an phróiseáil atá i gceist, agus is é an Coimisiún Eorpach a bhainistíonn an feidhmchlár sin.

## Cé acu a bhfuil rochtain ar do shonraí?

Deonaítear cearta rochtana chun iarratais a bhainistiú do bhainisteoirí sa Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Riarachán Pearsanra, agus do Chomhaltaí agus d'fhoireann a n-oifigí a ceapadh go sonrach chun cabhrú leo sa nós imeachta roghnúcháin.

## Cá fhad a choinnítear do chuid sonraí?

Coinnítear sonraí a bhaineann le nósanna imeachta sonracha ar feadh 12 mhí ó cheapadh an iarrthóra roghnaithe.

Déantar sonraí pearsanta arna n-iontráil ag iarratasóirí i ndáil le glao buan ar iarratais a stóráil ar feadh tréimhse 18 mí ón ngníomhaíocht dheireanach a rinne na hiarratasóirí (an chéad chlárú nó nuashonrú ar a gcuid sonraí (6 mhí mar shonraí gníomhacha, 12 mhí mar shonraí neamhghníomhacha, mura scriosann an duine is ábhar do na sonraí iad roimhe).

## Cad iad na cearta atá agat?

I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, tá sé de cheart agat rochtain ar do shonraí a iarraidh ar an rialaitheoir agus, i gcás inarb infheidhme, ceartú, léirscriosadh nó srianadh ar phróiseáil.

Ina theannta sin, féadfaidh tú agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí ar chúiseanna a bhaineann le do chás féin.

## Conas do chearta a fheidhmiú? Cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh?

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir mar seo a leanas:

Seoladh poist:

Cour de justice de l'Union européenne
Direction des Ressources humaines et de l'administration du personnel – Unité Recrutement et carrières
Rue du Fort Niedergrünewald
L-2925 Luxembourg

Tabharfaimid freagra ar d'iarratas a luaithe is féidir agus, i bprionsabal, laistigh de mhí amháin. Más gá, féadfar an tréimhse seo a fhadú.

Is féidir leat dul i dteagmháil freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: DataProtectionOfficer@curia.europa.eu

## An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann tú nach gcomhlíonann próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leat Rialachán 2018/1725.